AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2024
COM(2024) 148 final

2024/0082 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra seo le haghaidh Rialacháin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87[1] ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim a mhodhnú, d'fhonn méadú a dhéanamh ar na dleachtanna custaim is infheidhme maidir le hallmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe atá aicmithe faoi láthair faoi Chaibidlí 10, 12, 14, 15 agus 23 den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC), ar de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise iad nó onnmhairithe uathu. Leis an togra, méadaítear taraifí allmhairiúcháin i gcás na ngránach, na n-olashíolta agus na dtáirgí díorthaithe sin ó Chónaidhm na Rúise nó ó Phoblacht na Bealarúise nach n-íocann allmhaireoirí taraifí orthu faoi láthair nó a n-íocann siad taraifí ísle orthu. Ina theannta sin, bheadh na hearraí sin de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe uathu faoi urchosc ó rochtain ar tharaif-chuótaí an Aontais.

Anuraidh, bhí 4,2 milliún tona i gceist le hallmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise chuig an Aontais, méid dar luach EUR 1,32 billiún de réir sonraí ó Eurostat. Cé nach mór an méid gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe a sholáthraíonn Cónaidhm na Rúise chuig an Aontas go díreach[2], is mórtháirgeoir na dtáirgí sin í Cónaidhm na Rúise agus is móronnmhaireoir na dtáirgí sin í ar an leibhéal domhanda agus 55 mhilliún tona á n-onnmhairiú aici chuig an domhan sa tréimhse 2020-2022[3]. Tá difríochtaí móra idir taraifí *erga onmnes* an Aontais – i.e. taraifí an náisiúin barrfhabhair (MFN) atá i bhfeidhm faoi láthair ar ghránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe. Ag brath ar an táirge, socraítear ag nialas iad nó tá siad an-íseal; sin nó tá siad ard cheana féin agus ní dhéantar aon trádáil. Dá bhrí sin, ní íocann allmhaireoirí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise taraifí MFN, sin nó íocann siad taraifí MFN ísle chun teacht isteach i margadh an Aontais agus ní bac suntasach iad na taraifí sin ar na táirgí sin a theacht isteach san Aontas.

Ó tharla go bhfuil méideanna móra gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe á dtáirgeadh ag Cónaidhm na Rúise faoi láthair, d'fhéadfadh allmhaireoirí ó Chónaidhm na Rúise méideanna móra soláthairtí a atreorú chuig an Aontas go héasca agus go tapa, rud a ghinfeadh ioncam onnmhairiúcháin tábhachtach do gheilleagar Chónaidhm na Rúise agus a chuirfeadh isteach san am céanna ar mhargadh an Aontais do na táirgí sin. Thairis sin, tá Cónaidhm na Rúise ag glacadh seilbh go neamhdhleathach faoi láthair ar sciartha móra de na gránaigh agus na holashíolta arna dtáirgeadh ar chríocha na hÚcráine, críocha atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach aici, agus tá sí ag treorú na soláthairtí sin chuig a margaí onnmhairiúcháin agus é á líomhain aici gur táirgí 'Rúiseacha' iad. Cé go bhfuil sé neamhdhleathach na táirgí sin a onnmhairiú isteach san Aontas[4], is minic a thugtar isteach i gCónaidhm na Rúise ar dtús iad agus tugtar doiciméadacht bhréige dóibh, rud a fhágann go bhfuil sé an-deacair a n-áit

---

1 Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, IO L 256, 7.9.1987.

2 Ní allmhairítear ach 1 % de thomhaltas an Aontais ón Rúis de réir shonraí oifigiúla trádála agus táirgeachta an Aontais (2023).

3 Sonraí ECFE/FAO

4 Rialachán ón gComhairle (AE) 2022/263 an 23 Feabhra 2023 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar limistéir áirithe nach bhfuil faoi rialú an rialtais san Úcráin a bheith á n-aithint, á bhforghabháil nó á n-ionghabháil go neamhdhleathach ag Cónaidhm na Rúise.

tionscnaimh a chinneadh ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, is gá bearta taraife iomchuí a ghlacadh chun cosc a chur ar ghránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise leanúint de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar théarmaí atá chomh fabhrach céanna leis na téarmaí a chuirtear i bhfeidhm ar na táirgí ó áiteanna tionscnaimh neamhfhabhracha eile.

Ba cheart go gcabhródh bearta taraife den sórt sin le cosc a chur ar Chónaidhm na Rúise a honnmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe a ionstraimiú chun an tAontas a lagú go polaitiúil agus go heacnamaíoch trí chur isteach ar mhargadh an Aontais agus teannas agus easaontais a chruthú laistigh den Aontas, agus trí dhea-fheidhmiú an Aontais Chustaim a chur i mbaol freisin. Thairis sin, leis na bearta taraife sin, d'áiritheofaí nach mbainfeadh Cónaidhm na Rúise tairbhe tráchtála as onnmhairí den sórt sin chuig an Aontas. Bheadh tairbhe den sórt sin ag teacht salach go díreach ar leasanna an Aontais agus níl sé comhsheasmhach le dlí agus beartais an Aontais.

Onnmhairíonn Poblacht na Bealarúise cainníochtaí teoranta gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas – 610 000 tona in 2023, dar luach EUR 246 mhilliún – agus ní táirgeoir ná onnmhaireoir tábhachtach í ó thaobh na dtáirgí sin de. Mar sin féin, cumhdaíonn an Rialachán atá beartaithe Poblacht na Bealarúise freisin mar gheall ar a dlúthnaisc pholaitiúla agus eacnamaíocha leis an Rúis agus chun atreorú neamhdhleathach na n-allmhairí ó Chónaidhm na Rúise trí Phoblacht na Bealarúise a chosc i gcás nach ndéanfar athrú ar na taraifí AE ar allmhairí earraí ábhartha de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe uaithi. I bhfianaise an chaidrimh leanúnaigh idir an Bhealarúis agus an Rúis agus na trádála méadaithe eatarthu, is iomchuí caitheamh le táirgí ó Phoblacht na Bealarúise ar an gcaoi chéanna agus a chaitear le táirgí ó Chónaidhm na Rúise.

Leis an Rialachán atá beartaithe, bunaítear taraifí nua le haghaidh gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe uathu, ar leibhéal atá ard go leor chun na hallmhairí atá ann faoi láthair a shochtadh. I mbeagnach gach cás, mhéadófaí taraifí ar allmhairí Rúiseacha agus Bealarúiseacha chuig an Aontas suas go dtí EUR 95 in aghaidh an tona, nó go dtí dleacht chustaim *ad valorem* 50 %, ag brath ar an táirge. Bheadh tionchar ag na taraifí sin ar allmhairí earraí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise chuig an Aontas, earraí a raibh 4,8 milliún tona allmhairí i gceist leo in 2023 agus a raibh luach tráchtála EUR 1,6 billiún acu sa bhliain sin. Chun a sheachaint go dtiocfaidh gránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe uathu isteach i margadh an Aontais ag na rátaí ísle dá bhforáiltear faoi tharaif-chuótaí an Aontais, is gá freisin Cónaidhm na Rúise agus Poblacht na Bealarúise a eisiamh ó na cuótaí sin a mhéid a bhaineann leis na táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Níl coinne leis go mbeidh tionchar diúltach ag an Rialachán atá beartaithe ar an tslándáil bia dhomhanda. Sa chéad dul síos, ní bheadh tionchar ag an méadú ar tharaifí an Aontais ar idirthuras na n-earraí Rúiseacha agus Bealarúiseacha lena mbaineann trí chríoch an Aontais chuig tríú tíortha. Ar an dara dul síos, na sreafaí trádála a bhí ann roimhe seo i gcás gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise chuig an Aontais, tá siad an-bheag i gcomparáid le méid na malartuithe ar mhargaí an domhain agus ní bheidh aon tionchar suntasach acu ar thionscal próiseála bia an Aontais ná ar fheirmeoireacht beostoic a mhéid a bhaineann le soláthairtí beatha. Ar deireadh, tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú mór ar na sreafaí allmhairí sin isteach san Aontas mar gheall ar an méadú ar dhleachtanna allmhairiúcháin an Aontais, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méadú ar na cainníochtaí de ghránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe atá ar fáil lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha, tíortha i mbéal forbartha go háirithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Faoi láthair, tá an Úcráin ar an tríú soláthróir is mó chuig an Aontas ó thaobh na dtáirgí atá faoi réir an mhéadaithe ar tharaifí atá beartaithe. Tarlaíonn na honnmhairí sin faoi théarmaí fabhracha an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin agus go háirithe Teideal IV de lena mbunaítear Limistéar Saorthrádála Domhain Cuimsitheach, agus iad treisithe leis na bearta sealadacha um léirscaoileadh trádála a ghlac an tAontas tar éis don Rúis ionradh neamhdhleathach gan chúis a dhéanamh ar Úcráin. Chuir cogadh foghach neamhdhleathach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine isteach go mór ar chumas na hÚcráine leanúint de bheith ag allmhairiú gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe chuig an domhain, arb iad an phríomhfhoinse ioncaim a bhí aici go dtí sin, agus ó tharla sin amhlaidh, bhí margadh an Aontais ar an bpríomhcheann scríbe onnmhairiúcháin a raibh rochtain ag earraí ón Úcráin air fós toisc gur cuireadh isteach ar a bealaí onnmhairiúcháin eile. Méadú mór a chur ar na dleachtanna custaim is infheidhme maidir le hearraí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó onnmhairithe uaithi, agus í ina príomhiomaitheoir i gcoinne na hÚcráine ar mhargadh an Aontais, sin rud atá comhsheasmhach leis na deiseanna fíorthábhachtacha ó thaobh rochtain ar an margadh de a thairg an tAontas d'onnmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe ón Úcráin ar mhargadh an Aontais. Is iad an Bhrasaíl, an Airgintín, na Stáit Aontaithe agus Ceanada soláthróirí suntasacha eile tríú tíortha a onnmhairíonn gránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Na méaduithe ar dhleachtanna custaim ar ghránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a leagtar amach sa togra seo, áirithíonn siad go ndéanfar beartas custaim an Aontais, mar a léirítear é sa Rialachán seo trí rátaí Chomhtharaif Custaim an Aontais arna gcur i bhfeidhm, a chur i gcrích ar bhealach atá comhsheasmhach le prionsabail agus le cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach lena bhforáiltear go bhfuil an tAontas le comhsheasmhacht a áirithiú idir réimsí éagsúla dá ghníomhaíocht sheachtrach, agus idir na réimsí sin agus a bheartais eile. Dá bhrí sin, meastar gurb iomchuí taraifí méadaithe a fhorchur ar ghránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe uathu ós rud é go mbeadh méadú den sórt sin i gcomhréir leis na bearta sriantacha a ghlac an tAontas in aghaidh na dtíortha sin tar éis fhogha míleata Chónaidhm na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine agus mar gheall ar an tacaíocht atá fós á tabhairt ag an mBealarúis d'fhogha na Rúise.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leis an Rialachán seo, leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.

Tá an leasú bunaithe ar Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena bhforáiltear go socróidh an Chomhairle dleachtanna na Comhtharaife Custaim ar thogra ón gCoimisiún.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta ós rud é go dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach, go háirithe an gá atá lena áirithiú nach gcuirfidh gránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise isteach ar mhargadh an Aontais do na táirgí sin ná ar dhea-fheidhmiú an Aontais Custaim. Dá bhrí sin, níor cheart rochtain a bheith ag na táirgí sin ar mhargadh an Aontais ar théarmaí atá chomh fabhrach céanna leis na téarmaí a bhfuil feidhm acu maidir le hallmhairí grán ó thríú tíortha eile agus ó áiteanna tionscnaimh eile. Áirithítear comhréireacht toisc go bhforáiltear leis an togra go n-ardófar na dleachtanna Comhtharaife Custaim is infheidhme maidir le hallmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise i gcás línte taraife gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe i gcás ina bhfuil na taraifí sin socraithe ag nialas faoi láthair, nó ina bhfuil siad íseal. San am céanna, mar gheall ar an méadú sin, meastar go laghdófar cumas Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise cur isteach ar dhea-fheidhmiú mhargaí bia an Aontais. Leis an méadú ar tharaifí atá beartaithe agus le cosc a chur ar rochtain ar tharaif-chuótaí an Aontais, ní chuirfear teorainn le cearta bunúsacha ach a mhéid is gá chun na cuspóirí a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Leis an togra seo, foráiltear maidir le leasú a dhéanamh ar Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise ionradh Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin atá fós ar siúl agus an chumais atá ag Cónaidhm na Rúise faoi láthair úsáid a bhaint as a honnmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe chun an bonn a bhaint d'aontacht an Aontais ó thaobh tacú leis an Úcráin de agus chun margadh an Aontais do na táirgí sin a dhíchobhsú, agus i bhfianaise na tacaíochta a thugann Poblacht na Bealarúise do ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm go práinneach chun na dleachtrátaí is infheidhme maidir leis na táirgí lena mbaineann ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a mhéadú a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair le haghaidh an Rialacháin seo. Mar sin féin, tá coinne leis, mar gheall ar an mbeart atá beartaithe, go dtiocfaidh laghdú suntasach ar allmhairí na dtáirgí lena mbaineann isteach san Aontas de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe uathu agus,

ó tharla sin amhlaidh, go ndéanfar tuilleadh éagsúlú ó thaobh allmhairiú na n-earraí sin de toisc nach mbeidh siad á n-allmhairiú ó Chónaidhm na Rúise ná ó Phoblacht na Bealarúise.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní chuireann an beart seo ualach díréireach rialála ar chuideachtaí.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an togra comhleanúnach le beartas an Aontais um chearta an duine agus tá sé comhsheasmhach leis an gCairt um Chearta Bunúsacha. I gcás ina mbeidh tionchar, san Aontas, ag forchur na ndleachtanna allmhairiúcháin ar an tsaoirse chun dul i mbun trádáil idirnáisiúnta faoi chuimsiú na saoirse chun gníomhaíocht ghairmiúil a dhéanamh, ar an gceart chun maoine nó ar chearta bunúsacha eile, lena n-áirítear cóir chomhionann, measfar gur gníomhaíocht dhlisteanach de chuid an Aontais é sin faoin gCairt um Chearta Bunúsacha. Is amhlaidh atá toisc go ndéantar an ghníomhaíocht sin i gcomhréir leis na ceanglais gur gá do na húdaráis inniúla an ghníomhaíocht a dhéanamh ar bhonn bunús dlí cuí, d'fhonn cuspóir dlisteanach a bhaint amach maidir le hallmhairí táirgí áirithe ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a chur faoi mhíbhuntáiste tráchtála chun suaitheadh tromchúiseach ar na margaí ábhartha a sheachaint agus chun dea-fheidhmiú an Aontais Custaim a áirithiú i gcomhréir le bearta reatha ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Go sonrach, maidir le cóir chomhionann, forchuirtear dleachtanna allmhairiúcháin méadaithe ar allmhaireoirí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe uathu, ach ní ar allmhaireoirí táirgí nach de thionscnamh Chónaidhm na Rúise ná Phoblacht na Bealarúise iad ná nach bhfuil onnmhairithe uathu. Freagraíonn sé sin do chuspóir beartais dlisteanach de chuid an Aontais maidir le margaí an Aontais a chosaint ar Chónaidhm na Rúise agus Poblacht na Bealarúise úsáid a bhaint as trádáil na n-earraí lena mbaineann chun an tAontas a dhíchobhsú.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais an-teoranta aige ar ioncam. Bailiú na ndleachtanna custaim méadaithe a fhreagraíonn do na méaduithe atá beartaithe, meastar go mbeidh sé an-bheag, gar do nialas. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil allmhairí reatha gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise dírithe den chuid is mó ar tháirgí a bhfuil dleacht MFN nialasach nó an-íseal acu, agus gur dócha, mar gheall ar an méadú ar dhleachtanna atá beartaithe, go laghdófar na sreafaí allmhairiúcháin ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise síos go dtí méideanna diomaibhseacha.

Os a choinne sin, tá coinne le caillteanais áirithe i gcomparáid leis na hacmhainní dílse is déanaí a gineadh do bhuiséad an Aontais — EUR 15,77 milliún, in 2023. Beidh luach beacht na gcaillteanas buiséid ag brath ar an gcaoi a ndéanfar allmhairí ó Chónaidhm na Rúise a ionadú. Is é sin le rá, beidh caillteanais acmhainní dílse ann mar gheall ar na hallmhairí a gcuirfear táirgeacht intíre an Aontais nó allmhairí fabhracha, ón Úcráin go háirithe, ina n-ionad, ach na hallmhairí a gcuirfear allmhairí méadaithe ó thríú tíortha seachas Cónaidhm na Rúise nó Poblacht na Bealarúise nach comhpháirtithe fabhracha iad ina n-ionad, leanfaidh siad den leibhéal céanna Comhtharaifí Custaim a ghiniúint agus a ghintear faoi láthair ó allmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise, rud a fhágann nach mbeidh caillteanais acmhainní dílse ann dá mbarr. Dá bhrí sin, meastar go mbeidh caillteanas EUR 15,77 milliún ar a mhéad (i.e. 75 % den ioncam taraife iomlán, is é sin EUR 21 mhilliún) i gceist leis an éifeacht ar acmhainní dílse traidisiúnta de chuid bhuiséad an

Aontais i gcás ina gcuirfear táirgeacht intíre an Aontais agus allmhairí ó chomhpháirtithe fabhracha go hiomlán in ionad na n-allmhairí atá ann faoi láthair ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise san Aontas. Is trí bhíthin Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.

Leis an ráiteas airgeadais reachtach, leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an togra.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá tuairisc ar líne ar éabhlóid allmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise san Aontas le fáil ar shuíomhanna gréasáin tiomnaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (Eurostat).

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an Rialachán atá beartaithe, cuirtear cosc ar ghránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais ar théarmaí atá chomh fabhrach céanna leis na táirgí ó áiteanna tionscnamh eile, trí dhleachtanna allmhairiúcháin a ardú ar na gránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe sin uile, a bhfuil taraifí allmhairiúcháin an Aontais socraithe ina leith faoi láthair ag nialas nó ag leibhéal an-íseal, go leibhéal níos airde, is é sin EUR 95/t, nó dleacht *ad valorem* 50 %, ag brath ar chineál an táirge (EUR 95/t i gcás gránach; dleacht *ad valorem* 50 % ar olashíolta agus ar tháirgí díorthaithe is toradh ar thiúchan den bhuntáirge). Ina theannta sin, bheadh na hearraí sin de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe uathu faoi urchosc ó rochtain ar tharaif-chuótaí an Aontais freisin. Leis na taraif-chuótaí sin, tugtar rochtain ar mhargadh an Aontais ar leibhéal taraife níos ísle ná na taraifí nua atá beartaithe.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá méadú mór tagtha ar allmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe isteach san Aontas ó ionradh mórscála na Rúise ar an Úcráin an 22 Feabhra 2022.

(2) Faoi láthair, tá an méid gránach, olashíolta agus a dtáirgí díorthaithe a sholáthraíonn Cónaidhm na Rúise chuig margadh an Aontais measartha beag go fóill. Mar sin féin tá Cónaidhm na Rúise ar cheann de na mórtháirgeoirí agus na mórallmhaireoirí is mó sa domhain ó thaobh gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe de. I bhfianaise na méideanna móra a allmhairíonn Cónaidhm na Rúise chuig an domhan faoi láthair, d'fhéadfadh sí méideanna móra soláthairtí a atreorú go héasca agus go tapa chuig an Aontais, rud a bheadh ina chúis le hinsreabhadh tobann táirgí ó na stoic mhóra atá aici faoi láthair agus a chuirfeadh isteach ar mhargaí an Aontais do ghránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe. Thairis sin, tá fianaise ann go bhfuil Cónaidhm na Rúise ag glacadh seilbh go neamhdhleathach faoi láthair ar sciartha móra de na gránaigh agus na holashíolta arna dtáirgeadh ar chríocha na hÚcráine, críocha atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach aici, agus go bhfuil na hearraí sin á dtreorú aici chuig a margaí onnmhairiúcháin agus é á líomhain aici gur táirgí Rúiseacha iad.

(3) Is éard atá i ndleachtanna custaim *erga onmnes* an Aontais, taraifí an náisiúin barrfhabhair (MFN) atá i bhfeidhm faoi láthair ar allmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe. Ag brath ar an táirge, socraítear na taraifí sin ag nialas nó ag leibhéal an-íseal, sin nó tá siad ard cheana féin agus ní dhéantar aon trádáil.

(4) Is gá bearta taraife iomchuí a ghlacadh chun cosc a chur ar ghránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise leanúint de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar théarmaí atá chomh fabhrach céanna leis na téarmaí a chuirtear i bhfeidhm ar na táirgí ó áiteanna tionscnaimh neamhfhabhracha eile. Tá coinne leis go rannchuideoidh na bearta taraife sin le cosc a chur ar Chónaidhm na Rúise a hallmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas a úsáid chun an tAontas a lagú go polaitiúil agus go heacnamaíoch trí chainníochtaí móra de na táirgí atá i gceist a threorú chuig an Aontas, rud a chuirfeadh isteach ar mhargadh an Aontais do na táirgí sin, a chruthódh teannas sochaíoch agus easaontais laistigh den Aontas agus a chuirfeadh dea-fheidhmiú an Aontais Custaim i mbaol. Ba cheart na baoil sin a mheas faoi Airteagal 32(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus dá bhrí sin,

ba cheart bearta a glacadh faoi Airteagal 31 de chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagair na mBallstát a sheachaint.

(5) Ba cheart na bearta taraife céanna a ghlacadh go comhuaineach maidir le Poblacht na Bealarúise chun a sheachaint go ndéanfar allmhairí chuig an Aontas ó Chónaidhm na Rúise a atreorú trí Phoblacht na Bealarúise i bhfianaise a dlúthnasc polaitiúil agus eacnamaíoch leis an Rúis más rud é nach ndéanfar athrú ar na taraifí AE ar allmhairí earraí ábhartha ó Phoblacht na Bealarúise.

(6) Dá réir sin, ba cheart allmhairí gránach, olashíolta agus táirgí díorthaithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise nó onnmhairithe uathu a bheith faoi réir dleachtanna custaim níos airde ná na hallmhairí ó thríú tíortha eile, nuair atá na dleachtanna custaim atá i bhfeidhm socraithe ag nialas nó nuair nach bhfuil siad ard go leor.

(7) Ina theannta sin, níor cheart do Chónaidhm na Rúise ná do Phoblacht na Bealarúise tairbhe a bhaint as taraifí-chuótaí an Aontais ar théarmaí chóir an náisiúin barrfhabhair. Dá bhrí sin, na rátaí laghdaithe a leagtar amach i dtaraif-chuótaí an Aontais le haghaidh na dtáirgí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, níor cheart feidhm a bheith acu maidir le táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Rúise nó onnmhairithe uathu isteach san Aontas.

(8) An méadú atá beartaithe ar dhleachtanna custaim, níl coinne leis go mbeidh éifeacht dhiúltach aige ar an tslándáil bia dhomhanda ós rud é nach mbeadh tionchar aige ar idirthuras na dtáirgí lena mbaineann trí chríoch an Aontais chuig tríú tíortha cinn scríbe deiridh; os a choinne sin, d'fhéadfadh onnmhairiú na dtáirgí sin chuig tríú tíortha agus infhaighteacht soláthairtí a mhéadú mar thoradh ar an méadú ar dhleachtanna allmhairiúcháin an Aontais.

(9) Tá an méadú ar dhleachtanna custaim comhsheasmhach le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i réimsí eile, mar a cheanglaítear le hAirteagal 21(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tá forbairt an-diúltach tagtha ar an gcaidreamh idir an tAontas agus Cónaidhm na Rúise le blianta beaga anuas, agus tá meath ar leith tagtha air le dhá bhliain anuas i bhfianaise neamhaird fhollasach Chónaidhm na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta agus go háirithe an ionraidh mhórscála gan chúis gan údar atá déanta aici ar an Úcráin. Ó bhí mí Iúil 2014 ann, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas ar Chónaidhm na Rúise.

(10) Cé gur comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála í Cónaidhm na Rúise, scaoiltear an tAontas, de bhua na n-eisceachtaí a bhfuil feidhm acu faoin gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus go háirithe Airteagal XXI de GATT 1994 (díolúintí slándála), ón oibleagáid na buntáistí a dheonaítear do tháirgí comhchosúla a allmhairítear ó thíortha eile (cóir an náisiúin barrfhabhair) a thabhairt do tháirgí a allmhairítear ó Chónaidhm na Rúise.

(11) Tá an staid idir an tAontas agus Poblacht na Bealarúise imithe in olcas freisin le blianta beaga anuas, mar gheall ar neamhaird an réimis ar an dlí idirnáisiúnta, ar shaoirsí bunúsacha agus ar chearta an duine agus mar gheall ar a tacaíocht d'fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin. Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2020 ann, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas ar Phoblacht na Bealarúise.

(12) Ós rud é nach Comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála í Poblacht na Bealarúise, níl sé d'oibleagáid ar an Aontas, de bhua an Chomhaontaithe lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, cóir an náisiúin barrfhabhair a thabhairt do tháirgí ó

Phoblacht na Bealarúise. Ina theannta sin, leis na comhaontuithe trádála atá ann cheana, ceadaítear gníomhaíochtaí a bhfuil bonn cirt leo ar bhonn na gclásal eisceacht is infheidhme, go háirithe eisceachtaí slándála.

(13) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, chun an bunchuspóir a bhaint amach, is é sin a áirithiú nach gcuirfidh gránaigh, olashíolta agus táirgí díorthaithe ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise isteach ar mhargadh an Aontais do na táirgí sin ná ar dhea-fheidhmiú an Aontais Custaim, is gá agus is iomchuí rialacha a leagan síos lena méadófar taraifí ar na táirgí sin le héifeacht láithreach. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atá á saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
[…]

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.

LÍNTE BUISÉID:

Caibidil agus Airteagal: Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana 2024: EUR 24 620 400 000

TIONCHAR AIRGEADAIS:

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

X Níl aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach tá tionchar airgeadais aige ar ioncam acmhainní dílse traidisiúnta, ar na cúiseanna seo a leanas:

In 2023, bhí breis agus EUR 1,57 billiún i gceist le luach iomlán na n-allmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a mhéid a bhaineann leis na cóid AC atá faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus atá faoi réir an mhéadaithe atá beartaithe. Astu sin, bhí EUR 338 milliún i gceist le hallmhairí faoi línte indleachta. Rinneadh formhór na n-allmhairí sin (EUR 83,4 milliún) faoi chód AC 1514 11 90 atá faoi réir taraif 6,4 %. Rinneadh allmhairí suntasacha freisin i gcás cód AC 1518 00 95 (EUR 77,3 milliún) atá faoi réir dleacht 2 % agus cód AC 2309 90 91 (EUR 76,4 milliún) atá faoi réir tharaif *ad valorem* 12 %. Thairis sin rinneadh allmhairí dar luach EUR 32,4 milliún faoi chód AC 2308 00 90 atá faoi réir tharaif *ad valorem* 1,6 %. Ina theannta sin, i gcás cód AC 1008 10 00 d'allmhairigh an tAontas 14 760 thona in 2023 a bhí faoi réir tharaif EUR 37/t, ach i gcás cód AC 1008 29 00, bhí 10 005 thona i gceist le hallmhairí an Aontais agus iad faoi réir tharaif EUR 56/t. Bhí 54 706 thona i gceist le hallmhairí faoi chód AC 1003 90 00 agus iad faoi réir taraif EDT laistigh den chuóta, is é sin EUR 62,25/t. Tá cóid AC eile faoi réir dleachtanna freisin ach le haghaidh luachanna i bhfad níos ísle agus ríomhtar thíos na dleachtanna uasta a tharscaoiltear le haghaidh na gcód AC sin, ag leibhéal an bheartáin dheireanaigh.

Nuair a thiocfaidh méadú ar na taraifí faoin Rialachán seo, tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na sreafaí trádála sin nó go gcuirfear deireadh leo fiú. A mhéid a bhaineann le bailiú na ndleachtanna custaim méadaithe a chomhfhreagraíonn do na méaduithe atá beartaithe ar na hearraí sin atá faoi réir taraifí nialais nó taraifí an-íseal faoi láthair, meastar go mbeidh siad íosta, gar do nialas, ós rud é go meastar nach leanfaidh na sreafaí trádála de bheith ann mar gheall ar na leibhéil méadaithe taraife.

Ar bhonn a bhfuil thuas, meastar gurb é EUR 15,77 milliún in aghaidh na bliana an tionchar a bheidh ag an Rialachán seo ar chaillteanas ioncaim do bhuiséad an Aontais Eorpaigh: [(EUR 6,7 milliún + EUR 2,11 milliún + EUR 9,17 milliún + EUR 0,88 milliún + EUR 0,52 milliún + EUR 0,53 milliún + EUR 0,55 milliún + EUR 0,56 milliún) = méid comhlán EUR 21,03 milliún, lena n-áirítear costais bhailiúcháin) x 0,75][5].

[5] Freagraíonn gach beartán do dhleachtanna tarscaoilte na gcód AC a liostaítear thuas, de réir an oird ina gcuirtear i láthair iad.

I gcás 2024, meastar gurb é leath den mhéid thuas, i.e. EUR 7,9 milliún, an tionchar a bheidh ar chaillteanas ioncaim acmhainní dílse traidisiúnta do bhuiséad an Aontais.

Is trí bhíthin Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.